**Preasráiteas**

## [www.logainm.ie](http://www.logainm.ie)
## Fuaim le logainmneacha Chontae Lú

Is féidir le cuairteoirí ar www.logainm.ie éisteacht anois le comhaid fuaime 160 logainm i gContae Lú i nGaeilge agus i mBéarla. Tá ainmneacha na mbarúntachtaí, na bparóistí dlí agus na dtoghrann ar fad sna comhaid fuaime. Tá ainmneacha ghnéithe fisiciúla san áireamh chomh maith. Tá comhaid fuaime ag gabháil cheana le logainmneacha i gContaetha Phort Láirge, na Gaillimhe, Dhún na nGall, Chiarraí agus Thiobraid Árann. Is é Fiachra Mac Gabhann as Baile Hagaird, Dún Dealgan a chuir fuaim le logainmneacha Lú.

Is suíomh Gréasáin é www.logainm.ie a chuireann an t-ainm oifigiúil Gaeilge atá ar 100,000 éigin bailte, sráideanna agus oifigí poist ar fud na tíre ar fáil don phobal. Mheall an suíomh Gréasáin logainmneacha 1,256,307 amas ó seoladh é go hoifigiúil ar 1 Deireadh Fómhair 2008. Faoin leagan Béarla is coitianta a dhéantar an cuardach. Ba é *Dublin* an logainm is mó cuardach (338), ba é *Tallaght* an dara ceann ba choitianta (251), agus bhí *Blackrock* sa tríú háit (247). Bhí *Swords* sa cheathrú háit, le 221 cuardach. Is iad na logainmneacha is mó cuardach i Lú go dtí seo ná *Dundalk* le 172, *Drogheda* le 128, *Ardee* le 85 agus *Carlingford* le 78 cuardach.

Is féidir le mic léinn, múinteoirí, iriseoirí, aistritheoirí agus aon duine eile a bhfuil leagan údarásach uaidh de logainm, teacht ar an eolas go héasca anois trí chuardach a dhéanamh ar www.logainm.ie. Tá an suíomh ina ábhar spéise, chomh maith, acu siúd ar fud an domhain a chuireann suim in oidhreacht, i gcultúr agus i dtíreolaíocht na hÉireann.

Dúirt an tAire Ó Cuív "Cé nach bhfuil Logainm.ie ar an bhfód ach le gairid, tá ag éirí thar barr leis. Níl aon amhras ach go mbainfidh raon leathan úsáideoirí leas as na comhaid fuaime nua seo de logainmneacha Lú. Is sampla é an dul chun cinn seo ar conas is féidir an teicneolaíocht a úsáid mar áis éifeachtach teanga. Guím gach rath ar Fhiontar agus ar an mBrainse Logainmneacha sa todhchaí le dul chun cinn na háise seo."

Leanfar den obair ar www.logainm.ie agus cuirfear tuilleadh logainmneacha, comhaid fuaime agus áiseanna idirghníomhacha leis an suíomh i gcaitheamh 2009-2010.

Tá www.logainm.ie á fhorbairt ag Fiontar, aonad teagaisc agus taighde trí mheán na Gaeilge in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, i bpáirt leis an mBrainse Logainmneacha sa Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.